Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 15 Samhain 2021**
**(OR. en)**

**13668/21**
**ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0049(COD)**

**CODEC 1441**
**RECH 500**
**COMPET 790**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-CHINNEADH Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le rannpháirtíocht an Aontais sa Chomhpháirtíocht Eorpach um Méadreolaíocht arna déanamh go comhpháirteach ag roinnt Ballstát **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh<br>- Ráitis |

**Ráiteas ón gCoimisiún**

Chun cuidiú leis na Ballstáit sineirgí a neartú idir Fís Eorpach agus an Beartas Comhtháthaithe, forbróidh an Coimisiún treoirlínte a bheidh dírithe ar na deiseanna a chuireann cistiú malartach, comhcheangailte agus carnach agus aistrithe acmhainní ar fáil.

**Ráiteas ón bPolainn**

Is mar cheart bunúsach atá an comhionannas idir mná agus fir cumhdaithe i gConarthaí an Aontais Eorpaigh. Áirithíonn an Pholainn an comhionannas idir mná agus fir faoi chuimsiú chóras náisiúnta dlí na Polainne i gcomhréir le hionstraimí maidir le cearta an duine atá ceangailteach go hidirnáisiúnta agus faoi chuimsiú luachanna bunúsacha agus prionsabail bhunúsacha an Aontais Eorpaigh. Ar na cúiseanna sin, i bhfoclaíocht ar bith ina dtagraítear don téarma ‘inscne’, déanfaidh an Pholainn é a léiriú mar chomhionannas idir mná agus fir, i gcomhréir le hAirteagal 8 CFAE.